An Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

# Dálaí oibre san Aontas Eorpach

# Am oibre agus déine na hoibre

## Achoimre feidhmiúcháin

### Réamhrá

Tugann an ceathrú *European Working Conditions Survey* [Suirbhé ar Dhálaí Oibre na hEorpa] (EWCS), a rinne an Foras Eorpach chun Dálaí Oibre agus Maireachtála Eorpacha a Fheabhsú (Eurofound) le linn 2005, aghaidh ar cheisteanna um beartas fostaíochta atá ard ar chlár oibre an Aontais Eorpaigh. Is é cuspóir foriomlán an EWCS ná forbhreathnú a thabhairt ar staid na ndálaí oibre ar fud na hEorpa, agus chun measúnú a thabhairt ar fhairsinge agus ar chineál na n-athruithe a mbíonn tionchar acu ar an lucht saothair agus ar cháilíocht na hoibre. I ndiaidh an tsuirbhé a rinneadh 2005, rinne Eurofound a thuilleadh grinn-anailíse ar a thorthaí maidir le príomhthéamaí a bhaineann le dálaí oibre san AE.

Bhí am oibre agus déine na hoibre chomh maith leis na himpleachtaí atá ann don tsochaí agus don mhargadh saothair san iomlán ar cheann de na téamaí a scrúdaíodh. Scrúdaigh an taighde cad atá i gceist le déine na hoibre agus conas sin a mheas. Léiríonn na tátail go bhfuil nasc láidir ann idir déine na hoibre agus dálaí ísle oibre, idir dhálaí fisiceacha agus dhálaí síceolaíocha faoi seach.

### Comhthéacs beartais

Ardaítear am oibre mar cheist ar leith i mbeartas fostaíochta an AE le blianta fada anuas, agus fós is ceist chonspóideach í i dtéarmaí na leasuithe a moladh maidir le Treoir 2003/88/CE i dtaobh gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre, ar a dtugtar an treoir um am oibre. I Mí na Nollag 2008, dhiúltaigh Parlaimint na hEorpa an comhsheasamh ar an treoir seo a fhaomhadh, rud a d'aontaigh na Ballstáit i Mí an Mheithimh 2008 tar éis roinnt blianta de chonstaic agus idirbheartaíocht.

Deirtear go minic gurb iad domhandú agus cuspóirí beartais Liospóin um iomaíocht agus um fhás eacnamaíoch tar éis dlús a chur le déine na hoibre. Mar thoradh ar sin, tá déine na hoibre ina hábhar díospóireachta anois. Sna 1990í, léirigh an EWCS fianaise láidir um méadú i ndéine na hoibre trasna an AE agus níl sé soiléir anois go mbeidh leibhéil déine níos ísle nó fiú diansaothrú níos moille ann ag tús na mílaoise nua. D'fhéadfadh ardleibhéil déine na hoibre an bonn a bhaint ó inbhuanaitheacht na hoibre agus beartas AE a shárú maidir le hardcháilíocht oibre agus ardráta fostaíochta. Dá bhféadfaí déine na hoibre a ísliú ar mhaithe le sainghrúpaí, chabhrófaí chun sprioc Threoirlíne Fostaíochta Uimh. 18 de chuid an AE a bhaint amach: 'Support for active ageing, including appropriate working conditions, improved occupational health status and adequate incentives to work and discouragement of early retirement' *['Tacú le haosú gníomhach, lena n-áirítear dálaí cuí oibre, stádas feabhsaithe um shláinte cheirde chomh maith le dreasachtaí leordhóthaineacha chun dul ag obair agus luathscor a dhíspreagadh']*.

D'aibhsigh taighde roimhe seo bealaí chun an tionchar a bhíonn ag ard-déine a mhaolú, cosúil le neamh-spleáchas méadaitheach agus tacaíocht shóisialta ag an obair.

### Príomhthátail

**Déine na hoibre**

Sainíonn staidéir agus geallsealbhóirí difriúla déine na hoibre i mbealaí difriúla. Ag an am céanna, ámh, tá roinnt tátal comhsheasmhach agus ní bhraitheann siad ar an bhfoirmle shonrach lena meastar déine. Tugann siad le tuiscint go mbaineann costas ollmhór le déine na hoibre i dtéarmaí sláinte agus sábháilteachta ceirde. Feictear nasc láidir idir déine na hoibre agus dálaí oibre atá íseal ar an taobh fisiceach agus síceolaíoch de.

Mar sin féin, tá sé an-dóchúil go mbeidh ionchais bhreisithe ghairme ag daoine atá in ann cur suas le hard-déine ag an obair. Gan amhras, baineann oibrithe ar leith suim agus luach a saothair as dianobair. Ar an taobh eile, ámh, níl ardráta oibre inbhuanaitheach san fhadtéarma agus tá seans ann go dtitfidh na leibhéil cháilíochta de dheasca na neamhábaltachta sin chun deiseanna oiliúna a leanúint.

Is cosúil nach ionann diansaothrú agus líon méadaitheach daoine ag obair go dian an t-am ar fad; is cosúil go n-éilíonn roinnt eagraíochtaí coimpléascacha

neamhsheasmhacha obair dhian anois is arís ar a laghad. Is féidir rá nach eagraíochtaí barrfheabhais iad eagraíochtaí a éilíonn obair an-dian (rud a d'fhéadfadh bheith contúirteach do chuid dá mball, nó do gach duine fiú). Braitheann an tionchar a bhíonn ag déine mheabhairbhraite oibre ar shaintréithe ceirde eile, cosúil le neamhspleáchas nó tacaíocht shóisialta ag an obair, cé nach féidir ard-déine oibre a fhrithchothromú ina hiomláine.

Níl fianaise shoiléir ann nó aon rud Eorpach a thiomnaíonn treocht i dtreo déine níos ísle ag an obair san Eoraip. Baineann déine le foirmeacha nua eagraithe, ag úsáid modhanna bainistíochta nua agus teicneolaíochtaí nua faisnéise agus cumarsáide.

**Am oibre**

Léiríonn an tuarascáil go bhfuil baint láidir ag am oibre le hinscne, tír agus ceird. I ngach Ballstát an AE, oibríonn mná níos lú ama ná fir; mar sin féin, bíonn éagsúlacht mhór sa bhearna seo, le héagsúlacht an-mhór i dtíortha ina bhfuil sé an-choitianta go n-oibríonn mná go páirtaimseartha. Tá difríochtaí sonracha ann chomh maith i ráta na n-uaireanta fada oibre idir tíortha agus gairmeacha.

Bíonn difríochtaí san inathraitheacht um neamhspleáchas maidir le huaireanta oibre de réir grúpaí ceirde. Bíonn tionchar diúltach ar chothromaíocht oibre is saoil ag uaireanta fada nó míshóisialta oibre, agus is ar éigean a laghdaítear an tionchar sin trí neamhspleáchas um uaireanta oibre. Bíonn tionchar diúltach ar dhálaí maireachtála ag uaireanta fada oibre agus obair pháirtaimseartha faoi seach.

Tugann an tuarascáil anailís ar leith maidir le daoine féinfhostaithe, grúpa a ionadaíonn 16% de lucht saothair an AE25. Is mó is dócha go n-oibreoidh siad uaireanta fada míshóisialta, ach bíonn am comaitéireachta níos giorra acu i gcomparáid le fostaithe. Go ginearálta, bíonn déine níos airde ag an obair ag daoine féinfhostaithe a bhfuil fostaithe acu ná mar a bhíonn ag fostaithe agus bíonn níos lú déine ag an obair ag daoine féinfhostaithe nach bhfuil fostaithe acu.

Cuireann an tuarascáil seo Innéacs um an Eagrú d'Obair Dhochraideach le chéile agus, nuair a dhéantar comparáid le hinnéacs um an eagrú d'obair nuálach, aithnítear cúig ghrúpa de Bhallstáit.

## Leideanna beartais

- Chun iarmhairtí diúltacha dhéine na hoibre a theorannú, ba chóir eagraíochtaí nach bhfuil ceaptha go maith nó nach bhfuil ag obair i gceart a fheabhsú is a uasghrádú. Tá seans go mbeidh gá le dreasachtaí chun cuideachtaí a spreagadh chun dea-chleachtas a ghlacadh maidir leis sin.

- Ní mór uirlisí cuí a fhorbairt chun measúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar dhéine na hoibre, ar cháilíocht na hoibre agus táirgeacht na n-eagraíochtaí ag micrileibhéal.

- Tá dálaí ísle oibre gaolta le huaireanta fada oibre. Léiríonn na tátail go bhfuil sin fíor, go háirithe nuair a sháraíonn am oibre 48 uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Tá obair idir 45 agus 48 uair an chloig in aghaidh na seachtaine gaolta le dálaí deacra oibre chomh maith. Tá éagsúlachtaí láidre i gceist leis seo idir na Ballstáit maidir le huaireanta fada oibre agus an bhearna inscne faoi seach. Tugtar le tuiscint leis seo go bhfuil tábhacht ag baint leis an gcomhthéacs dlíthiúil, institiúideach agus cultúrtha agus gur féidir líon na ndaoine a dhéanann an iomarca oibre a laghdú. Dá dtabharfaí an chéim sin, thiocfadh feabhas ar dhálaí oibre agus bheadh níos mó comhdheiseanna ann don dá inscne.

- Ní bealach chun dálaí oibre a fheabhsú é, obair pháirtaimseartha a chur chun cinn. Níl aon ghaol ann idir dálaí oibre atá an-mhaith agus uaireanta oibre atá an-ghearr. San iomlán, bíonn taithí ag oibrithe páirtaimseartha ar dhálaí síceolaíocha oibre a bhíonn dona go leor, ar chomhtháthú teoranta socheacnamaíoch agus ar ghanntanas de dheiseanna gairmiúla.

- Is ar éigean atá féidearthacht na dtimpistí ceirde nó na bhfadhbanna sláinte níos ísle nuair a bhraitheann ráta na hoibre ar éileamh eachtrach. In eagraíochtaí nua-aimseartha, braitheann an chuid is mó de na hoibrithe ar a leithéid d'éileamh. Bheadh sé úsáideach i sraitheanna eile EWCS sa todhchaí, dá n-úsáidfí ceisteanna breise ar an ábhar seo.

- Téann ionchas an EWCS chun cur go dearfach le forbairt táscairí úsáideacha i gcomhthéacs 'mhodh comhordaithe oscailte' an AE agus i gcomhthéacs na dTreoirlínte Comhtháite i gcomhar Fáis agus Post, i bhfad thar an gceist um tháscairí a bhforbairt maidir le hobair dhochraideach. Is buncheist í cáilíocht na hoibre i mbeartas fostaíochta an AE agus bheadh sé úsáideach sa todhchaí dá scrúdófaí na féidearthachtaí atá ann chun innéacs níos ginearálta um cháilíocht na hoibre a fhorbairt a bheadh inúsáidte chun beartas a stiúradh.

**Tuilleadh eolais**

The report on Working conditions in the European Union [*An tuarascáil um Dhálaí Oibre san Aontas Eorpach*]: Working time and work intensity [*Am oibre agus déine na hoibre*] ar fáil ag http://www.eurofound.europa.eu/publications/htmlfiles/ef0927.htm.
Tá sonraí, tuarascálacha agus anailís thánaisteach ar European Working Conditions Surveys [*Suirbhéanna ar Dhálaí Oibre na hEorpa*] ar fáil ar shuíomh gréasáin Réadlann Dálaí Oibre na hEorpa ag http://www.eurofound.europa.eu/ewco/surveys/.

Sophia MacGoris, Oifigeach Idirchaidrimh Faisnéise
smg@eurofound.europa.eu